BHUEL! DEIREADH FÓMHAIR 2013

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Cumann an Cheoil Thraidisiúnta

Is sinne Cumann an Cheoil Thraidisiúnta. Bíonn seisiún ceoil againn gach Luan ag 9.30pm i dTigh an Phórtair agus gach Céadaoin ag 9.30pm i dtábhairne Uí Chostagáin. Eagraímid ceolchoirmeacha lóin gach Céadaoin ag a haon a chlog sa tSeomra Caidrimh in Áras Uí Rathaille chomh maith. Tá clár iontach de cheoltóirí den chéad scoth curtha le chéile againn i mbliana agus ina measc beidh Aoife Granville, Garry Shannon agus Mary McNamara! Is é Tradfest buaicphointe na bliana. Beidh an fhéile seo ar siúl ag deireadh mhí Eanáir nó tús mhí na Feabhra agus beidh ceol, craic agus spraoi ann gan amhras ar bith! Beidh imeachtaí á reáchtáil againn le haghaidh Seachtain na Gaeilge agus Seachtain Chultúir na hÉireann. Is léir go bhfuil nasc láidir idir cheol traidisiúnta agus an Ghaeilge. Beidh mórán eile lena chois sin ar siúl againn, mar shampla, Trad For Trócaire, seisiún rúnda, cogadh na mbannaí, comórtas na bport nuachumtha agus go leor eile! Tabhair 'Like' dúinn ar Facebook agus coimeád súil ar ár suíomh idirlín www.ucctradsoc.com! Má tá suim agat sa cheol traidisiúnta, mholfainn duit páirt a ghlacadh sa chumann seo!

Máiréad Ní Chiaraigh

Seisiúin lóin an tSeomra Caidrimh 2013:

30 Deireadh Fómhair - Garry Shannon agus a chairde
6 Samhain - Alisha McMahon agus a cairde
13 Samhain - Johnny McCarthy agus a chairde
20 Samhain - Seachtain Chultúir na hÉireann (Fós le fógairt)
27 Samhain - Caoimhín Ó Fearghail agus Geraldine O'Callaghan
4 Nollaig - Mike Walsh agus Liam Ryan

Seisiún i dTigh an Phórtair le déanaí.

Mac Tíre ag seinnt sa tSeomra Caidrimh

www.ucctradsoc.com
tradsoc@uccsocieties.ie

www.facebook.com/ucctradsoc
www.twitter.com/ucctradsoc

AN CUMANN D

Dia dhaoibh go léir, is sinne an Cumann Drámaíochta. Má tá suim agat sa Ghaeilge agus sa drámaíocht, is é an Cumann Drámaíochta an cumann atá oiriúnach duitse. Bíonn dhá nó trí dhráma idir lámha againn i rith na bliana. Scríobhaimid ár ndrámaí féin agus cuirimid drámaí scríte cheana féin ar an stáitse, leis. Is slí thaitneamhach é chun do chuid scileanna aisteoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt agus a fheabhsú agus chun do chuid Gaeilge a labhairt, gan dabht! Is cumann beag go leor sinn ach tá sé sin níos fearr i mo thuairimse toisc go bhfuil sé an-éasca cairde a dhéanamh sa chumann seo. An aidhm atá againne ná an Ghaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn timpeall an choláiste trí mheán na drámaíochta.

Chuireamar 'An Triail' ar stáitse i rith Spraoi Cois Laoi anuraidh agus cúpla radharc ó 'Chailíní Gránna' um Nollaig. Ansin, scríobhamar ár ndráma féin darbh ainm, 'Cnuasach Síscéalta' agus chuireamar ar stáitse é le linn Féile na gColáistí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhuamar dhá dhuais; ceann amháin don scríbhneoireacht is fearr agus ceann eile do na carachtair is fearr. Chuireamar an dráma sin ar stáitse le linn Féile Drámaíochta an Daingin i mí na Márta chomh maith. Beidh roinnt mhaith imeachtaí nua againn i mbliana, ar nós oíche scannáin. Ina theannta sin, beimid ag obair go dlúth le TG4 i mbliana; tá páirt againn sa chlár nua 'Lá Dár Saol' agus tá sé ar intinn againn turas a thabhairt ar stáisiún TG4 chun bualadh le haisteoirí ón gclár Ros na Rún. Beimid ag cur 'Dancing at Lughnasa' ar stáitse roimh na Nollag. Bígí ag faire amach do na trialacha! Tá súil agam go bhfeicfimid ann sibh!

Eimear Ní Mhurchú

http://cumannd.wix.com/cumanndramaiochta

cumannd@uccsocieties.ie

Facebook: An Cumann Drámaíochta UCC

Seachtain na Gaeilge, Márta 2013

AN CUMANN DRÁMAÍOCHTA UCC



AN CHUALLACHT

Is sinne cumann gaelach na hollscoile. Cuirimid fáilte roimh gach éinne ó cheann ceann na tíre agus ó cheann ceann na cruinne, leis. Cuirimid fáilte roimh gach caighdeán Gaeilge. Más glanthosnaitheoir nó saoi na Gaeilge tú, beidh fáilte is fiche romhat bheith mar bhall den Chuallacht.

Bhí cúpla imeacht den chéad scoth againn cheana féin. Bhí cóisir na Cuallachta sa tseanbheár lán go béal. Imeacht iontach a bhí ann. Bhí an-chuid duaiseanna le buachaint ann. Bhí oíche scóráil sciobtha againn ina raibh deis ag daoine aithne a chur ar a chéile, a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus bualadh le cailín nó buachaill deas, gan amhras! Bíonn dhá chiorcal comhráidh ar siúl go seachtainiúil. Tagann daoine le chéile gach Luan ag a haon agus gach Déardaoin ag a sé i seomra coiteann Aontas na Mac Léinn. Is féidir le daoine suí síos, cupán tae a ól tar éis seachtain fhada oibre san ollscoil agus a gcuid Gaeilge a chleachtadh. Foirfe, nach ea?

Tá an-chuid pleananna againn don bhliain. Beidh imeacht againn gach seachtain ag tosú le trialacha díospóireachta an Oireachtais. Beidh oíche chultúir agus comórtas peile againn, leis. Beidh an-chraic againn! Más mian leat do chuid Ghaeilge a fheabhsú nó a fhoghlaim, bí mar bhall den chumann seo, bí mar bhall den Chuallacht i mbliana!

Eoghan Ó Lordáin

Ríomhphost: anchuallacht@uccsocieties.ie
Facebook: An Chuallacht UCC

Lá na gCumann

Seachtain na Gaeilge

FOCAL ÓN OIFIGEACH G

Haigh a chomh-mhic léinn! Tá fáilte is fiche romhaibh ar ais chuig COC agus fáilte faoi leith roimh mhic léinn na chéad bhliana ar fad. Táimid ar bís go bhfuil sibh anseo agus tá súil agam go mbeidh craic den scoth agaibh (an stuif dleathach!) agus sibh ag déanamh staidéir anseo. Is mise Timmy Collins, ach is féidir libh Timmy a thabhairt orm. Táimse mar Oifigeach na Gaeilge ar Aontas na Mac Léinn, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCCSU). Cad a dhéanaimse? Bhuel, an cur síos atá ar an bpost ná go mbeadh an t-oifigeach Gaeilge ag obair ar son na Gaeilge chun í a chur chun cinn agus chun í a chaomhnú agus chun í a chosaint. Go bunúsach, eagraím imeachtaí Gaeilge taitneamhacha agus cinntím nach bhfuil éinne ag déanamh dochair dár dteanga agus seasaim an fód di. Fág fúmsa an obair sin! Seo é an t-eolas a bheidh uaibhse!

Bainfidh sibh i bhfad Éireann níos mó taitnimh as saol na Gaeilge anseo. Ní labhraímid faoin Modh Coinníollach nó faoin diabhal tábhairne sin, An Spailpín Fánach. Bíonn craic againn agus is é an rud is fearr ná go mbaineann an chraic seo le gach éinne. Is cuma cén caighdeán Gaeilge atá agat. Oibrím go rialta leis an gcumann gaelach sa choláiste, An Chuallacht, chun imeachtaí a reáchtáil i rith na bliana ar nós ár gclub cainte a bhíonn ar siúl go seachtainiúil gach Luan ag 1pm agus gach Déardaoin ag 6pm i seomra coiteann Aontas na Mac Léinn. Eagraímid imeachtaí ar nós Tóg Amach Mé, Bál na Gaeilge, agus ar ndóigh, Seachtain na Gaeilge a bheidh ar siúl 20 - 23 Eanáir 2014.

Féachaigí ar ár leathanach Facebook agus ar ár suíomh Twitter. Seolaigí ríomhphoist chugam má tá aon cheist nó aon fhadhb agaibh nó fiú má tá comhrá Gaeilge uaibh!

Geallaim daoibh go mbeidh am thar na beartaibh agaibh anseo i gCOC agus go mbeidh cuid lárnach ag an nGaeilge ann. Fágfaidh mé sibh le moladh amháin eile; má tá suim ar bith agaibh sa Ghaeilge, bígí páirteach i bpobal na Gaeilge i gCOC agus geallaim daoibh nach mbeidh aiféala ar bith oraibh agus sibh ag fágaint!

Timí Ó Coileáin

gaeilge@uccsu.ie

facebook.com/UCCSUGaeilge

twitter.com/UCCSUGaeilge

uccsu

Gaeilge

ÁRAS UÍ THUAMA

EAGARFHOCAL

Fáilte go chéad eagrán na bliana 2013 - 2014. Más mian le héinne alt, léirmheas, dán, scéilín nó fógra a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

Cuirimid fáilte is fiche roimh an gcéad ealaíontóir traidisiúnta cónaithe i gCOC, Iarla Ó Lionáird. Tá sé de phribhléid againn go bhfuil ealaíontóir ceoil domhanda mar Iarla Ó Lionáird lonnaithe anso don bhliain. Guímid gach rath air is táimid cinnte go mbeidh bliain thar na beartaibh aige anso inár measc.

Comhghairdeachas ó chroí le Lára Ní Dhálaigh a bhuaigh comórtas liteartha an Oireachtais do dhaoine óga le déanaí. Duais Sheáin Uí Ríordáin atá urraithe ag Ionad na Gaeilge Labhartha atá buaite aici. File óg is ea í atá dílis go smior don teanga. Guímid gach rath uirthi amach anso.

Comórtas

Cum teideal a bheadh oiriúnach don ghrianghraf thíos. Muintir Áras Uí Thuama atá ann ag baint súip as imeacht an tseachtain seo a d'imigh tharainn.

Dearbhán €30 (An Post) an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 8 Samhain.

Muintir Áras Uí Thuama ag baint súip as an gcéad imeacht, an mhí seo caite, in éineacht leis an Oifigeach Gaeilge, An Chuallacht, Cumann an Cheoil Thraidisiúnta, An Cumann Drámaíochta agus Aodhán Ó Deá, Comhordaitheoir na Mac Léinn, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, agus Comhluadar.

Comhghairdeachas ó chroí le foireann iomána an Phasáiste, a bhuaigh craobh an chontae den chéad uair riamh i bPáirc an Bhreathnaigh, Port Láirge, le déanaí. D'aimsíodar dhá chúl is ceithre chúilín sna neomaití deireanacha. Críoch dhraíochtúil, gan aon agó! An Pasáiste Thoir abú!

Maidhc Dainín Ó Sé (1942 – 2013)

Maidhc Dainín i mbun ceoil le mic léinn UCC i Halla na Feothanaí.

Ba mhian le foireann agus mic léinn Ionad na Gaeilge Labhartha comhbhrón a dhéanamh le muintir agus cairde Mhaidhc Dainín. Fear ab ea é a chuir go mór le saol na Gaolainne. Is iomaí bua a bhí ag Maidhc: bua na scríbhneoireachta, na litríochta, na scéalaíochta, na filíochta, bua an cheoil agus tuilleadh nach iad. Bhíodh Maidhc páirteach i scéim scoláireachta UCC i gCorca Dhuibhne. Ba mhinic é i mbun cainte le cleas UCC is iad thiar ar scoláireacht. Thugadh sé an-spreagadh ar fad dóibh. Labhraíodh sé leo mar gheall ar a shaol agus sheinneadh sé cúpla port leis. Bhaineadh na mic léinn an-súp as na cainteanna sin agus bhíodh cion mór agus meas acu air riamh is choíche. Bhíodh tuiscint éigint acu air óna leabhar, A Thig ná Tit Orm, atá ar shiollabas na hArdteiste agus ba dheas leo bualadh leis riamh. Braithfimid uainn é, go háirithe, ag an Oireachtas, amach anso. Thugadh sé 'péarla' ar an nGaolainn ach ba phéarla é fhéin, gan aon agó. Is mór an chailliúint é dá bhean, dá mhuintir, dá chairde is do shaol na Gaolainne, leis.

I ríocht na nAingeal go raibh a anam.

Ceol na n-aingeal go raibh ina chluasaibh.